

# ❖ An Lúibín ❖

10 Meitheamh 2022

## Géarchéim na Gaeilge?

*Last month an online seminar was held in Irish. The theme (a well-worn one) was 'Irish in Crisis'. But those involved were generally optimistic, while not denying the difficulties. See link below.*

Ar an 5 Bealtaine 2022 chuir *Tuairisc.ie* seimineár ar líne ar bun leis an iriseoir Cathal Mac Coille, an criticeoir Máirín Nic Eoin, an sochtheangeolaí John Walsh agus an foilsitheoir Darach Ó Scolaí agus iad ag cíoradh 'ghéarchéim na Gaeilge'. Cathal Mac Coille a chuir an ócáid i láthair, agsu dúirt sé: 'Castar daoine orainn ar fad a bhfuil Gaeilge acu agus a deir leat, "Níor labhair mé focal Gaeilge le sé mhí, bliain, cúpla bliain, de cheal deiseanna"'.

Darach Ó Scolaí an chéad a labhair, agus shíl sé go raibh an iomarca cainte ar an 'ngéarchéim'. Mar fhoilsitheoir luaigh sé an méadú mór a tháinig le tamall de bhlianta anuas ar an méid leabhar Gaeilge a bhí á gcur amach agus iad á gcíoradh ar na meáin shóisialta. Shíl sé, áfach, nach raibh cainteoirí Gaeilge páirteach a ndóthain sa chomhrá i mBéarla faoin nGaeilge. Mar chainteoir dúchais dúirt sé go raibh a fhios ag lucht na go bhfuil an teanga ag cúlú (cé nach ndéanann siad scéal mór de os ard) ach nach féidir a bheith ag brath ar an rialtas chun cuidiú leis an meath a bhacadh.

Shíl Máirín Nic Eoin gur chóir cás na Gaeilge a cheangal leis an éiceolaíocht. Acmhainn luachmhar í atá i mbaol agus gá le cur chuige ilghnéitheach dá bharr. Tá deacrachtaí ann: is deacair fós gaelscoileanna a bhunú, tá éagothromaíocht teanga ann agus is annamh deis ag lucht Gaeilge a bheith lánpháirteach i gcomhairliúchán. Ach dúirt sí go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh plé ar na dea-scéalta, agus luaigh sí an nasc digiteach idir Gaeilgeoirí. 'Tá gá leis an idéalachas, mar is dóigh liom mura mbeadh méid éigin de sin againn, ní bheadh muid ag roghnú dul in aghaidh an tsrutha sa tír seo.'

Dúirt John Walsh Suim ar leith sa bheartas teanga – beartas scaipthe scaoilte, a shíl sé, agus an Ghaeilge ar an imeall, gan polasaí chomhtháite ann. Rud casta ilghnéitheach an beartas teanga anois. Is beag é pobal na Gaeilge agus caithfear stocaireacht a dhéanamh agus an pobal mór a thabhairt leat. 'Is é an fhadhb is mó atá againn ná easpa úsáide agus pobal beag. Ach tá an-chuid tacaíochtaí móra institiúideacha againn a theastaíonn ó theangacha eile.'

<https://tuairisc.ie/laithreach-bonn-feachaigi-anseo-ar-dhiospoireacht-tuairisc-faoi-ghearcheim-na-gaeilge/>



## Fáil arís ar chartlann chaillte

*The loss of historical archives was immense when the Four Courts were burnt in Dublin in 1922, at the start of the civil war. Now copies of almost all the lost material have been found in archives elsewhere. Soon they will be freely available on the web.*

I mí mheáin an tSamhraidh 1922, nuair a thosaigh Cogadh na gCarad in Éirinn, scriosadh an chuid is mó den chartlann mhór in Oifig na dTaifead Poiblí sa Cheithre Chúirt i mBaile Átha Cliath. Bhí cáipéisí ann a scríobhadh ó na meánaoiseanna amach. Síleadh ar feadh i bhfad nárbh fhéidir an bhris a thabhairt isteach. Ach le cúig bliana tá staraithe, cartlannaithe agus lucht ríomhaireachta ag tabhairt ar ais an chuid is mó den mhéid a cailleadh. D'éirigh leo teacht ar na mílte cáipéisí i gcartlanna sa bhaile agus thar lear.

Ba iad Peter Crooks (stiúrthóir Beyond 22: Virtual Record Treasury of Ireland) agus Ciarán Wallace ón Roinn Staire i gColáiste na Tríonóide a bhí i gceannas ar an tionscadal, agus baineadh tairbhe as taighde acadúil, intleacht shaorga agus cartlanna ina lán tíortha. Mhainigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an obair. Cuireadh trasríobh saorga i bhfeidhm ar ábhar i gcartlanna náisiúnta na hÉireann agus na Breataine, Oifig na dTaifead Poiblí i dTuaisceart Éireann, Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, agus a lán áiteanna eile (fiú san Astráil). Fuarthas neart cóipeanna de chaiteachas, d'fhardail agus d'iniúchadh i gcartlanna na Breataine, cáipéisí a cóipeáladh le linn na dTúdarach.

Díol spéise é gur tháinig na mílte cáipéis slán ón scrios sna Céithre Chúirt féin – an fichidiú cuid den iomlán. Dá ainneoin sin agus d’ainneoin a bhfuil de chóipeanna ann, tá bearnaí le líonadh fós. Tá neart tochailte le déanamh agus a lán ábhair le fáil.

Ar an 27 Meitheamh 2022 seolfar ollchartlann digiteach inchuadaithe den ábhar a fuarthas agus í saor in aisce.

Féach:

‘Seven centuries of Irish archives painstakingly recreated after being destroyed in civil war,’ Rory Carroll, 22/5/22, *The Guardian*.



### Éigse na Bruiséile

*Louvain, in what is now Belgium, was a centre of Irish scholarship on the continent in the 17th century. The EU has seen the return of Irish speakers to Brussels, and this year they founded their own festival there.*

Príomhchathair na Beilge an Bhruiséil anois; sa 16ú agus sa 17ú haois bhí an chríoch sin ina cuid d’Impireacht na Spáinne agus fáilte roimh deoraithe ó Éirinn dá bharr. Bunaíodh Coláiste Naomh Antaine i Lováin in 1607 mar choláiste oiliúna do noibhéisigh agus do bhráithre Proinsiasacha as Éirinn, agus thosaigh na Proinsiasaigh ag cur saothair Ghaeilge i gcló ann.

Úsáid na Gaeilge mar theanga oibre de chuid an Aontais Eorpaigh ba chúis le teacht na gcainteoirí Gaeilge an dara huair. Is beag cainteoir traidisiúnta a gheofá ann; nuachainteoirí a bhformhór agus iad ag obair sa Choimisiún Eorpach, i gComhairle an Aontais Eorpaigh, i bParlaimint na hEorpa agus i gCoiste na Réigiún. Tá oifigigh ag rialtas na hÉireann sa Bhruiséil agus cuid acu líofa, agus is é an scéal céanna é ag roinnt de na hionadaithe ó pháirtithe polaitiúla Éireannacha i bParlaimint na hEorpa.

Tá a saol cultúrtha féin ag cainteoirí sa Bhruiséil – tob-Ghaeltachtaí, léachtaí agus eile – agus tá an Ghaeilge mar ábhar i scoil Eorpach ann. Tá, fiú, cló de chuid an fhoilsitheora Leabhar Breac suite ann - Cló Lováin - chun scríbhneoirí Gaeilge na Mór-Roinne a chur i gcló.

Mar chomhartha ar shaothrú na teanga, bhí Éigse na Bruiséile, féile lán-Ghaeilge, an 13-15 Bealtaine ([www.eigse.be](http://www.eigse.be)) agus cúpla céad duine ann – féile gan mhaoiniú, mar a tharla, agus Tomaí Ó Conghaile (fear thar a bheith gníomhach) mar fhear an tí. Imeachtaí go leor: léacht, cuairt ar lámhscríbhinní Gaeilge ón 17ú haois, Liam Mac Cóil (úscealaí staire) agus Diarmuid Johnson (file) ag caint ar Fontenoy, radharc ó dhráma, seoladh leabhair agus ceol. I bhfocail lucht na hÉigse féin:

*Is féile phobail í Éigse na Bruiséile a cuireadh ar bun chun deis a thabhairt do dhaoine teacht le chéile agus ceiliúradh a dhéanamh ar shaol na Gaeilge i bpríomhchathair ilteangach na Beilge. Is mian linn cur le cultúr na teanga cois Zenne agus léargas a thabhairt do mhuintir na hEorpa ar bheocht phobal na Gaeilge anseo agus in Éirinn.*



Féach: ‘Gaeil na Bruiséile’: Ciarán Dunbar, Eanáir 16, 2021: <https://pobailura.com/2021/01/16/44-gaeil-na-bruiseile/>



### Mná fiáine

*The tithe wars of early 19th century Ireland (a country still largely Irish-speaking) throw light on the very active but often overlooked role of women in social protest.*

Bhí saol na hÉireann neamhshocair go leor roimh an Drochshaol agus a lán cúiseanna leis. Orthu sin bhí bailiú na ndeachúna ar son Eaglais na hÉireann, eaglais nach raibh baint ag formhór na nÉireannach léi. Tá spéis ag staraíthe áirithe sa bhaint a bhí ag na mná leis an achrann a d’éirigh idir na húdaráis agus an gnáthphobal Caitliceach de thoradh cheist na ndeachúna. Is deacair cuntas iomlán a dhéanamh ar stair shóisialta na mban in

Éirinn de cheal fianaise agus taighde, ach fonn a dhéanas fiach, agus faighimid na mná ag léim aníos chugainn ó chuid de na cuntais atá againn ar ar tharla sna blianta roimh an Drochshaol. Tá fiántas ann – fiántas gan trócaire.

Idir 1937 agus 1939 chuir Coimisiún Béaloideasa Éireann scéim bailithe ar bun. Cuireadh daltaí as 5,000 bunscoil i Saorstát Éireann ag bailiú béaloidis ina gceantair féin - stairsheanchas, dinnseanchas, scéalta, agus gach eolas eile. Óna dtuismitheoirí agus ó na seandaoine a fuair siad an t-ábhar, agus bhí múinteoirí páirteach san obair chomh maith. Ba mhúinteoir í Máire Uí Chonaill agus bhailigh sí ábhar ó Dhomhnal Ó Ríogáin faoi eachtra a thit amach agus deachúna á mbailiú in Iarthar Chorcaí (le linn a seanaitheacha, gan dabht). Seo sliocht as (agus an litriú nuachóirithe beagán).<sup>1</sup>

Sna laethanta nuair a bhíodh an deachú á tógaint dos na Ministrí Gallda do chuaigh cruinniú saighdiúirí agus constáblaí ó dheas go Ceann na Tuaithe. Nuair a bhíodar ag filleadh thar n-ais, do bhí sé riachtanach do dhuine des na saighdiúirí stad i ndiaidh a chomrádaithe. Do rug the mná air agus do leagadar é. Do fuairadar cloch agus do leadhbadar isteach 'na bhéal í le cloch eile, i gcás gur chuireadar na fiacla siar 'na scórnaigh.

Tá cuntas níos liteartha againn ó lámh Dháibhí de Barra, *Cath na Deachmhúin air Thráig Rosa Móire, 3an ttara lá dho Mhithiomh a mbliaghain 1833*, agus é curtha in eagar ag Brian Ó Cuív mar *Contemporary Account in Irish of a Tithe Affray*, Acadamh Ríoga na hÉireann, 1960.<sup>2</sup> (Tá an litriú nuachóirithe beagán.) Cuireann an sliocht seo síos ar an ngreadadh agus ar an mbroicneáil a fuair an báille Seán an Mhála ó dhrong ban nuair a tháinig sé le saighdiúirí chun deachú a bhailiú i gContae Chorcaí. Cáit Ní Ghearailt agus na deirféaracha Mairéad agus Cáit Ní Shúilleabháin a bhí chun tosaigh sa scliúchas.

Agus ní bhfuairadar amas ná amharc ar Sheán an Mhála leis an ré sin, óir do bhí sé cois chlaí na trá agus marcshlua den armnach ina thimpeall á ghárdadh. Faoi dheoidh do ghluais drong de mhná cróga á lorg ar measc an tslua dar dhíobh Mairéad agus Cáit Ní Shúilleabháin, gur samhail le Cuileann Cheannrua agus le hIarnait .i. dís iníon Chonarain de Thuatha Dé Danann, iad i misneach agus i mórchrógacht, agus Cáit Ní Ghearailt mar rinn thosaigh orthu i ndealramh le Pentisilia, banríon na mban cíochloiscthe [i.e. Amasóiní], in acmhainn agus i lánmhisneach, agus an chuid eile den chór ban ina ndiaidh ag feitheamh gach aird den champa nó go bhfuairadar amharc air. Agus lingid á ionsaí, agus nár leis teitheadh ó na mná, agus gabhaid á chíoradh agus á shracadh óna chéile agus ag bualadh doirme minice sa smúsach air, gur thug sé saobhléim seachanta ortha, gur ghabh Cáit Ní Ghearailt ar fholt agus ar fhionnghabháil é, agus chuir a lámh acmhainneach go lántapa i ngabhal a thriúis agus thug bogthógáil fhearúil uréadrom ó thalamh dó gur bhuaile failc dá chreatlach um chlochaibh crua na trá, agus chuir sí a troigh ar a bholg gur cheangail idir a bonn agus an talamh é. Agus mar do bhí sé tar éis béile iomarcach de chuid an mhinistir do thógáil beagán uaireanta roimhe sin, do bhí a mhéadail chomh teann le mála píobaire arna líonadh le gaoth gur chuir a cheann tuathail lánghéim bhogbhriste as ba chomhchlos don tslua ina thimpeall, gur mhaígh a ngeangháire ar an marcshlua uile ar bhfeiscint an chatha sin Sheán an Mhála agus na mban. Is ansin rug Cáit ar an mála á shracadh uaidh gur fháisg an béalsreang faoina bhráid gur chuir fad glaise laoiach dá theanga bhunramhar bharrleathan thar imeall a chraosbhéil amach, agus do bhí in oirchill a thachtaithe gur tháinig dís den armnach agus claimhte ina ndóideanna, agus gabhaid ag bualadh agus ag milleadh na mban.



### **Cogadh eile: Maenmar**

*The war in Ukraine is taking much of the world's attention, but there are other conflicts just as bitter. One such is in South-East Asia, in Myanmar (Burma).*

Faoi láthair tá an Úcráin agus an Rúis i ngleic le chéile agus gan a fhios againn fós cén toradh a bheidh air. Ach tá cogáil eile ann - cogáil cathartha go minic. Cuimhnimis ar Mhaenmar: tír a bhfuil an Búdachas fréamhaithe i bhfad inti. Bangla Deis agus an India taobh thiar thuaidh de Mhaenmar, an tSín taobh thoir thuaidh de, Laos taobh thoir de agus an Téalainn taobh thoir theas de. A lán pobal eitneach ann agus cultúr ársa ilghnéitheach.

<sup>1</sup> <https://www.duchas.ie/en/cbes/4921929/4900996/5202159?ChapterID=4921929&NameKey=domhnal-%C3%B3-r%C3%ADog%C3%A1in>

<sup>2</sup> [http://corpas.ria.ie/index.php?fsg\\_function=12&fsg\\_years=1600-1926&fsg\\_ow=gai&fsg\\_pos=N&fsg\\_pp=Both&fsg\\_class=W&fsg\\_word=gai&fsg\\_id=3890&fsg\\_lang=g](http://corpas.ria.ie/index.php?fsg_function=12&fsg_years=1600-1926&fsg_ow=gai&fsg_pos=N&fsg_pp=Both&fsg_class=W&fsg_word=gai&fsg_id=3890&fsg_lang=g)



Maenmar  
*Wikimedia Commons*

Athchoilíneacht Bhriotanach é Maenmar, ach tá an daonlathas i mbaol ann le fada an lá. É corraithe le clampar eitneach agus le ceannairc. Tháinig giunta míleata i gcumhacht in 1962, rud a tharla arís agus arís ina dhiaidh sin agus cearta daonna thíos leis. Marú agus céasadh á ndéanamh, gan trácht ar éigniú. Is fada an chaimiléireacht i réim i Maenmar, agus is mór an méid drugaí (meitilamfataimín agus codlaidín) a thagann as an tír. Gnó é a bhfuil ceannaircigh agus baill den arm araon ina bhun.

Bhí toghchán ginearálta ann in 2020 agus fuair páirtí Aung San Suu Kyi mórámh sa pharlaimint, rud nár thaitin leis na ginearál. Tháinig siad i réim de láimh láidir agus iad ag iarraidh cosmhuintir na tíre a chur faoi chois ó shin, rud nach furasta. Tá mionghrúpaí eitneacha ag troid leo i gcónaí agus tá baill de na Bamar féin, an pobal eitneach is líonmhaire, ag iarraidh an rialtas a threascairt. Is é an freasúra atá ann Rialtas na hAontachta Náisiúnta, scáthrialtas a bhfuil iarfheidhmeanaigh thofa sgus roinnt ceannairí eitneacha ann. Tá os cionn 400 grúpa frithrialtais ann anois agus déanann cuid acu feidhmeannaigh rialtais a dhúnmharú. Deir siad gur cóir riarthóirí áitiúla a dhúnmharú (tar éis rabhadh a thabhairt dóibh) toisc go ndéanann siad an pobal a fhaire agus a mimeaglú ar son an rialtais mhíleata. Admhaíonn an giunta míleata féin go bhfuil riarthóir amháin ar a laghad á dhúnmharú gach lá.

Deirtear go bhfuil os cionn 60,000 trodaire ag an scáthrialtas agus Fórsa Cosanta an Phobail orthu. Iad roinnte ina gcathláin agus a oiread eile daoine sna grúpaí áitiúla. Bíonn na cathláin ag troid sa dufair agus na grúpaí ag troid sna bailte mór agus sna cathracha. Tá méid mór saighdiúirí marbh ar an dá thaobh, cé go ndeir an freasúra gur lú go mór uimhir a marbh féin ná an líon a maraíodh ar thaobh an rialtais.

Tá droch-chlu ar an Tatmadaw de dheasca gníomhartha uafáis, ach ta Fórsa Cosanta an Phobail ag seasamh an talaimh, más fíor, agus airm nua gafa acu ón Tatmadaw in ionad an leithscéal d'airm a bhí acu le tamall anuas. Tá a lán saighdiúirí ag tréigean an Tatmadaw. Is cinnte nach dtiocfaidh deireadh leis an gcogadh seo amárach ná arú amárach; is fada go ndéanfaidh ceachtar den dá thaobh athchomhairle.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

**Dhá dhán le Colin Ryan**

### **Filleadh**

An bhrionglóid chéanna agat  
turas is seachrán  
tú ag filleadh ar do choiscéim  
i gcathair ghriobháin  
ansin an dúiseacht  
an chuimhne thréigthe  
is an oíche le teacht  
le turas le seachrán

### **An ceol**

Tá aithne agam air  
le dhá scór blianta  
a dúirt sí ag cuimhneamh  
ar shnagcheol is punc is na blues

is an tráthnóna  
lasmuigh den fhuinneog  
na crainn á lomadh  
ag aer glasfhuar  
na haimsire